

RÁITIS AIRGEADAIS

GAEL-LINN

(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta, gan scairchaipiteal)

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2018

GAEL-LINN
(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta, gan scairchaipiteal)
CUNTAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2018

CLÁR	Leathanach
Cuntas sochair agus dochair	2
Ráiteas ar ioncam cuimsitheach eile	2
Clár comhardaithe	3
Ráiteas ar athruithe i gcothromas	4
Nótaí ar na cuntais	5

GAEL-LINN**(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta, gan scairchaipiteal)****CUNTAS SOCHAIR AGUS DOCHAIR DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2018**

	NÓTAÍ	2018 €	2017 €
LÁIMHDEACHAS	4	1,884,388	2,129,048
COSTAS NA nEARRAÍ DÍOLTA		(895,800)	(1,085,410)
BRABÚS COMHLÁN		988,588	1,043,638
IONCAM Ó INFHEISTÍOCHTAÍ	5	404,047	427,821
IOMLÁN TEACHT ISTEACH		1,392,635	1,471,459
IMCHOSTAIS OIBRIÚCHÁIN		(1,542,451)	(1,574,171)
CAILLTEANAS OIBRIÚCHÁIN		(149,816)	(102,712)
ÚS ÍOCTHA		-	(7)
CAILLTEANAS ROIMH CHÁIN		(149,816)	(102,719)
CÁIN	6	-	-
CAILLTEANAS TAR ÉIS CÁNACH		(149,816)	(102,719)

RÁITEAS AR IONCAM CUIMSITHEACH EILE DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2018

	2018 €	2017 €
CAILLTEANAS NA TRÉIMHSE AIRGEADAIS	(149,816)	(102,719)
(CAILLTEANAS)/ GNÓTHACHÁIN NEAMHRÉADAITHE AR INFHEISTÍOCHTAÍ	(7,451)	202,258
IONCAM CUIMSITHEACH IOMLÁN DON BHLIAIN	(157,267)	99,539

GAEL-LINN
(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta, gan scairchaipiteal)
CLÁR COMHARDAITHE AR 31 NOLLAIG 2018

	Notáí	2018 €	2017 €
SÓCMHAINNÍ SEASTA			
Sócmhainní seasta inláimhsithe	8	952,839	921,437
Sealúchas infheistíochta	9	4,250,000	4,250,000
Infheistíochtaí inmhargaidh	10	4,999,781	5,003,697
Infheistíochtaí neamhmhargaidh	11	-	144,971
Sócmhainní doláimhsithe	12	2,083	7,083
		<u>10,204,703</u>	<u>10,327,188</u>
SÓCMHAINNÍ REATHA			
Stoc	13	86,070	88,722
Fiachóirí agus réamhíocaíochtaí	14	110,399	214,984
Airgead sa bhanc agus ar láimh	15	613,664	527,943
		<u>810,133</u>	<u>831,649</u>
DÓCMHAINNÍ REATHA			
Creidmheasóirí agus costais fhabhráithe	17	(918,748)	(905,482)
		<u>(108,615)</u>	<u>(73,833)</u>
SÓCMHAINNÍ REATHA GLAN			
		<u>10,096,088</u>	<u>10,253,355</u>
SÓCMHAINNÍ LÚIDE DÓCMHAINNÍ			
		<u>10,096,088</u>	<u>10,253,355</u>
COMHDHÉANTA MAR A LEANAS:			
FÚILLEACH AG DEIREADH NA BLIANA		8,758,896	8,916,163
CÚLCHISTE ATHLUACHÁLA		1,337,192	1,337,192
		<u>10,096,088</u>	<u>10,253,355</u>

Bhí na ráitis airgeadais formheasta agus údaraithe le haghaidh eisiúna ag an mBord Stiúrtha ar 26 Aibreán 2019 agus sínithe thar ceann an Bhoird ag:

Pádhraic Ó Ciardha)
Stiúrthóirí
Micheál Ó Conghaile)

GAEL-LINN**(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta, gan scairchaipiteal)****RÁITEAS AR ATHRUITHE i gCOTHROMAS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2018**

	Cúlchiste Ioncaim € '000	Cúlchiste Athluachála € '000	Iomlán € '000
Fuílleach ag tús na bliana	8,916,163	1,337,192	10,253,355
Cailteanas don bhliain	(149,816)	-	(149,816)
Cailteanas neamhréadaithe ar infheistíochtaí	(7,451)	-	(7,451)
	<hr/>	<hr/>	<hr/>
Fuílleach ag deireadh na bliana	<u>8,758,896</u>	<u>1,337,192</u>	<u>10,096,088</u>

RÁITEAS AR ATHRUITHE I gCOTHROMAS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2017

	Cúlchiste Ioncaim € '000	Cúlchiste Athluachála € '000	Iomlán € '000
Fuílleach ag tús na bliana	8,816,624	1,337,192	10,153,816
Cailteanas don bhliain	(102,719)	-	(102,719)
Brabús neamhréadaithe ar infheistíochtaí	202,258	-	202,258
	<hr/>	<hr/>	<hr/>
Fuílleach ag deireadh na bliana	<u>8,916,163</u>	<u>1,337,192</u>	<u>10,253,355</u>

GAEL-LINN

(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta, gan scairchaipiteal)

NÓTAÍ AR NA CUNTAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2018

1. EOLAS GINEARÁLTA

Aithneofar Gael-Linn mar eagraíocht náisiúnta, atá ábharach, dinimiciúil agus tionscanta agus a chruthaíonn deiseanna tarraingteacha, inrochtana do chách chun an Ghaeilge a fhoghlaim agus a úsáid, mar bheotheanga ina comhthéacs cultúrtha. Tá an oifig cláraithe ar 35 Sráid an Dáma, Baile Átha Cliath 2.

Is cuideachta atá corpraithe faoi theorainn ráthaíochta í Gael-Linn, corpraithe agus sainchónaithe in Éirinn. Maidir le cáin, tá an cuideachta lonnaithe in Éirinn.

2. RÁITEAS AR BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

2.1 BUNÚS AN ULLMHÚCHÁIN DE NA RÁITIS AIRGEADAIS

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe de réir Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102, "An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann" ("CTA 102") agus reacht na hÉireann atá comhdhéanta d'Acht na gCuideachtaí 2014.

Éilfionn ullmhúchán ráiteas airgeadais de réir CTA 102 úsáid mheastacháin chuntasaíochta chriticiúla áirithe. Éilfionn sé freisin ar bhainistíocht bhreithiúnais a fheidhmiú agus beartais chuntasaíochta na cuideachta á gcur i bhfeidhm (féach nóta 3).

2.2 IONCAM

Aithnítear ioncam sa mhéid is gur dócha go mbeidh na buntáistí eacnamaíochta i ndán don cuideachta agus is féidir an t-ioncam a thomhas go hiontaoifa. Tá ioncam á thomhas mar luach cóir na comaoine a fuarthas nó atá infhaighte, gan lascaí, lacáistí, cáin bhreisluacha agus díolacháin eile cánacha. Ní mór na critéir seo a leanas a shásamh chomh maith roimh aitheantas ioncaim:

Earraí a dhíol

Aithnítear ioncam ó dhíolachán earraí nuair a bhíonn gach ceann de na coinníollacha seo a leanas comhlíonta:

- tá riosca agus luach saothair suntasach úinéireachta aistrithe chuig an cheannaitheoir ag an cuideachta;
- ní choinníonn an cuideachta an gnáthpháirtíocht bainistíochta leanúnach a aithnítear le húinéireacht, ná rialú éifeachtach ar na hearraí a dhíoltar;
- is féidir an méid ioncaim a thomhas go hiontaoifa;
- is dócha go bhfaighidh an cuideachta an chomaoin dlite faoin idirbheart;
- is féidir na costais a caitheadh nó a chaithfear i leith an idirbhirt a thomhas go hiontaoifa.

Seirbhísí a chuir ar fáil

Aithnítear ioncam ó chonradh chun seirbhísí a chuir ar fáil sa tréimhse ina gcuirfear ar fáil iad de réir na gcéimeanna comhlánaithe den chonradh nuair atá gach ceann de na coinníollacha seo a leanas comhlíonta:

- is féidir an méid ioncaim a thomhas go hiontaoifa;
- is dócha go bhfaighidh an cuideachta an chomaoin dlite faoin chonradh;
- is féidir an chéim comhlánaithe den chonradh ag deireadh na tréimhse tuairiscithe a thomhas go hiontaoifa, agus;
- is féidir na costais a tabhaíodh agus na costais chun an conradh a chur i gcrích a thomhas go hiontaoifa.

2. RÁITEAS AR BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA (AR LEAN)

2.3 STOC

Maidir le luacháil stoic, glactar leis an mbunchostas nó luach an stoic ar an margadh, cibé is lú.

Gach bliain, déantar measúnú ar na stoic maidir le lagú. Má tá stoc lagaithe, tá an tsuim ghlanluacha laghdaithe go dtí an praghas chun é a dhíol lúide costais chun é a chur i gcrích agus a dhíol. Aithneofar an cailleanas bearnaithe go láithreach i mbrabús nó cailleanas.

2.4 SÓCMHAINNÍ SEASTA

Taispeántar na sócmhainní seasta ar a gcostas lúide dímheas carnaithe.

Meastar dímheas ar mhodh an líne dhírigh ionas go ndíscríobhtar na sócmhainní seasta thar an tréimhse go mbíonn siad inúsáidte. Is iad seo a leanas na príomhrátaí dímheasa:

Troscán agus Uirlisí Oifige	-	20% - 33 1/3%
Sealúchas Saorsheilbhe	-	1 ¼% (Foirgnimh amháin)

2.5 SEALÚCHAS INFHEISTÍOCHTA

Taispeántar sealúchas infheistíochta ar luach an mhargaidh agus ní dhéantar dímheas air.

2.6 SÓCMHAINNÍ DOLÁIMHSITHE

Tá an costas ag baint leis na cearta a fuair siad caipitlithe sa chlár comhardaithe agus tá sé amúchta thar thréimhse chúig bliana, an saol úsáideach de na cearta faighte.

2.7 INFHEISTÍOCHTAÍ INMHARGAIDH

Taispeántar infheistíochtaí inmhargaidh ar luach a mhargadh oscailte ag 31 Nollaig 2018. Cuimsítear gníomhaíochtaí na tréimhse in ioncaim ó infheistíochtaí.

2.8 FIACHÓIRÍ

Is ag praghas idirbheart atá na fiacha gearrthearma tomhaiste, lúide aon lagú. Is ar luach cothrom, gan costais idirbhirt, atá iasachtaí infhaighte tomhaiste ar dtús, agus tomhaistear ina dhiaidh ag costas amúchta, lúide aon lagú.

2.9 AIRGEAD AGUS COIBHÉIS AIRGID

I measc airgead tirim agus coibhéis airgid, tá airgead ar láimh, taiscí prapéileamh agus infheistíochtaí gearrthearmacha leachtacha eile le haibíocht bhunaidh de trí mhí nó níos lú. Taispeántar rótharraingtí bainc laistigh d'iasachtaí i ndlíteanais reatha ar an gclár comhardaithe.

2.10 CREIDMHEASÓIRÍ

Rangaítear creidmheasóirí mar dhlíteanais reatha má bhíonn íocaíocht dlite laistigh de bhliain amháin nó níos lú. Mura bhfuil, rangáítear mar dhlíteanais neamhreatha iad. Aithnítear creidmheasóirí ar dtús ar an phraghas idirbheart agus tomhaistear ina dhiaidh sin iad ag a gcostas amúchta ag baint úsáide as an modh úis éifeachtaigh.

2. RÁITEAS AR BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA (AR LEAN)

2.11 AISTRÍÚCHÁIN AIRGEADRA EACHTRACH

Airgeadra feidhmiúil agus láithreoireachta

Is é Euro airgeadra feidhmiúil na cuideachta.

Idirbhearta agus iarmhéideanna

Aistrefar idirbhearta airgeadra eachtrach go hairgeadra feidhmiúil le spotrátaí ar dhátaí na n-idirbheart.

Ag deireadh gach tréimhse, aistrefar míreanna airgeadaíochta airgeadra eachtrach leis an ráta reatha. Aistrefar míreanna neamhairgeadaíochta tomhaiste ag costas stairiúil leis an ráta malairte ar dháta an t-idirbheart agus aistrefar míreanna neamhairgeadaíochta tomhaiste ag luach cóir ag an ráta nuair a dearbhaíodh an luach cóir.

Tá gnóthacháin agus cailteanais airgid eachtraigh a bhaineann le hiasachtaí agus airgead tirim agus coibhéis airgid léirithe sa Chuntas sochair agus dochair.

2.12 BUNTÁISTÍ FOSTAITHE

Nuair a thugtar seirbhís don chuideachta, aithnítear na buntáistí fostaithe gearrthéarmacha dá bhfuil na fostaithe i dteideal ag an méid neamh-lascainithe a bhfuiltear ag súil go n-íoctar mar mhalairt ar an tseirbhís sin.

2.13 SCÉIM PINSIN

Cuireadh críoch leis an scéim pinsin socharshainithe in 2016.

Feidhmíonn an chuideachta scéim ranníocaíochta sainithe do roinnt dá cuid fostaithe. Is plean pinsin é plean ranníocaíochta sainithe faoina n-íocann an chuideachta ranníocaíochtaí seasta isteach in aonán ar leith. Nuair atá na ranníocaíochtaí íoctha ag an gcuideachta níl aon oibleagáidí íocaíochtaí eile.

Aithnítear na ranníocaíochtaí mar chostas sa chuntas Brabúis agus Cailteanais nuair atá siad infhaighte. Taispeántar méideanna nár íocadh i bhfabhrúithe mar dhliteanas sa Chlár Comhardaithe. Coinnítear sócmhainní an phlean go leithleach ón chuideachta i gcistí riartha go neamhspleách.

2.14 DEONTAIS RIALTAIS

Tógtar na deontais reatha san áireamh sa bhliain ina mbíonn siad iníoctha sa chuntas sochair agus dochair. Scaoiltear an ghné chaipitil de deontais thar a shaol úsáideach go dtí ioncam agus caiteachas.

2. RÁITEAS AR BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA (AR LEAN)

2.15 ÚS ISTEACH

Áirítear ioncam ó chistí curtha i dtaisce agus infheistíochtaí gearrthéarmacha mar ioncam sa chuntas ioncaim agus caiteachais. Tugtar cuntas sa bhliain inar éirigh sé.

2.16 IDIRBHEARTA PÁIRTITHE GAOLMHARA

Tá idirbhearta le páirtithe gaolmhara nach bhfuil faoi úinéireacht iomlán leis an ngrúpa céanna nochta ag an chuideachta. Níl idirbhearta le baill den ghrúpa céanna atá faoi úinéireacht iomlán nochta ag an chuideachta.

3. BREITHIÚNAS AR CHUR i BHFEIDHM BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA AGUS PRÍOMH-FHOINSÍ MEASTACHÁIN NEAMHCHINNTE

Éilíonn ullmhú na ráiteas airgeadais seo ar bhainistíocht breithiúnais, meastacháin agus boinn tuisceana a dhéanamh a bhfuil éifeacht acu ar fheidhmiú na mbeartas agus ar na suimeanna de shócmhainní agus dliteanas, ioncaim agus costais.

Déantar measúnú leanúnach ar bhreithiúnais agus meastacháin agus tá siad bunaithe ar thaithí stairiúil agus ar thosca eile, lena n-áirítear meastacháin maidir le himeachtaí amach anseo a meastar a bheith réasúnach sna himthosca.

Déanann an chuideachta meastacháin agus boinn tuisceana a bhaineann leis an todhchaí. De ghnáth, ní bheidh na meastacháin chuntasaíochta seo cothrom leis na torthaí iarbhír. Pléitear thíos, na meastacháin agus boinn tuisceana a bhfuil priacal tábhachtach ann go mbeadh coigeartú ábhartha le déanamh ar shuimeanna glanluacha na sócmhainní agus na ndliteanas laistigh den chéad bhliain airgeadais eile.

(a) Saol measta do dhímheas maoine, innealra agus trealaimh

Is cuid shuntasach de na sócmhainní iomlána iad sócmhainní fadsaolach; go sonrath, maoine, innealra agus trealamh. Braitheann an muirear dímheasa bliantúil go príomha ar an saol measta de gach cineál sócmhainne agus meastachán ar luachanna iarmharacha. Déanann na stiúrthóirí athbhreithniú rialta ar shaolta na sócmhainní agus athraítear iad mar is gá chun an tuairim reatha ar an saol atá fágtha a léiriú. Déanann siad seo i bhfianaise úsáid eacnamaíoch ionchais agus riocht fisiciúil na sócmhainní. Is féidir go mbeadh tionchar suntasach ar mhuirir dhímheasa agus amúchta don tréimhse mar gheall ar athruithe i saol sócmhainne.

(b) Soláthar d'fhiacha amhrasacha

Déanann an chuideachta meastachán ar luach inghnóthaithe na bhféichiúnaithe trádála agus féichiúnaithe eile. Úsáideann an comhlacht meastachán bunaithe ar thaithí stairiúil chun cinneadh a dhéanamh ar leibhéal na bhfiachas a chreideann siad nach mbeidh bailithe. San áireamh sna meastacháin seo, tá tosca ar nós ráta creidiúnaithe an fhiachóra, an phróifíl aosaithe féichiúnaithe agus taithí stairiúil. Dá mbeadh aon laghdú suntasach ar leibhéal na gcustaiméirí a dhéanann mainneachtain ar íocaíochtaí nó feabhsuithe suntasacha eile mar thoradh ar laghdú ar leibhéal an soláthar do dhrochfhiacha, bheadh dea-thionchar ar na torthaí oibriúcháin. Déantar athbhreithniú ar leibhéal an tsoláthair ar bhonn leanúnach.

GAEL-LINN**(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta, gan scairchaipiteal)****NÓTAÍ AR NA CUNTAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2018****4. IONCAM**

'Sé ioncam gach cúlchiste ó fhoinsí a dhéanann an chuideachta agus ríchíosanna.

5. IONCAM Ó INFHEISTÍOCHTAÍ

	2018	2017
	€	€
Ús isteach	2,644	15,095
Síntiús carthanachta ó fhochuideachta Cairde Gael Linn	33,903	45,226
Cíos	367,500	367,500
	<u>404,047</u>	<u>427,821</u>

6. CÁIN

De réir forálacha Ailt 207 agus 208, An tAcht Cánacha Comhdhlúite 1997 tá an Chuideachta díolmhaithe ó cháin toisc gur bunaíodh í le haghaidh cuspóirí carthanachta amháin.

7. FOIREANN AGUS COSTAIS FOIRNE

An meánlíon daoine (Príomhfheidhmeannach san áireamh) fostaithe i rith na tréimhse airgeadais ná 26 (2017 : 22).

Comhiomlán na méideanna iníoctha go dtí nó thar ceann na foirne ná iad seo a leanas:

	2018	2017
	€	€
Pá agus tuarastail	962,883	926,416
Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa na bhfostóirí	87,827	80,649
Costais phinsin	76,021	75,208
	<u>1,126,731</u>	<u>1,082,273</u>

Líon na bhfostaithe ar thuarastal:

	2018	2017
€110,000 - €120,000	<u>1</u>	<u>1</u>

Níl ÁSPC fostóra ná ranníocaíochtaí pinsin san áireamh.

GAEL-LINN**(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta, gan scairchaipiteal)****NÓTAÍ AR NA CUNTAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2018****8. SÓCMHAINNÍ SEASTA**

	Sealúchas saorsheibhe €	Troscán uirlisí oifige €	Iomlán €
COSTAIS/LUACHÁIL			
Ag 1 Eanáir 2018	1,000,000	682,037	1,682,037
Ceannacháin	-	57,277	57,277
	<u>1,000,000</u>	<u>739,314</u>	<u>1,739,314</u>
Ag 31 Nollaig 2018	1,000,000	739,314	1,739,314
DÍMHEAS			
Ag 1 Eanáir 2018	83,340	677,260	760,600
Costas	16,668	9,207	25,875
	<u>100,008</u>	<u>686,467</u>	<u>786,475</u>
Ag 31 Nollaig 2018	100,008	686,467	786,475
FUÍLLEACH			
Ag 31 Nollaig 2018	899,992	52,847	952,839
	<u>899,992</u>	<u>52,847</u>	<u>952,839</u>
Ag 31 Nollaig 2017	916,660	4,777	921,437
	<u>916,660</u>	<u>4,777</u>	<u>921,437</u>

Taispeántar sealúchas saorsheibhe ar luach an mhargaigh €1,000,000. Rinne DTZ Sherry FitzGerald an luacháil is deireanaí ar 5 Márta 2013.

9. SEALÚCHAS INFHEISTÍOCHTA

	2018 €	2017 €
Luach ag tús na bliana	4,250,000	4,250,000
Luach ag deireadh na bliana	<u>4,250,000</u>	<u>4,250,000</u>

Taispeántar sealúchas infheistíochta ar luach an mhargaidh €4,250,000. Rinne Hora Property Consultants an luacháil is deireanaí ar 26 Feabhra 2014.

GAEL-LINN**(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta, gan scairchaipiteal)****NÓTAÍ AR NA CUNTAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2018****10. INFHEISTÍOCHTAÍ INMHARGAIDH**

	2018	2017
	€	€
Luach ar 1 Eanáir	5,003,697	2,450,942
(Cailteanas)/ gnóthachán i rith na bliana	(3,916)	2,552,755
Luach ag 31 Nollaig	<u>4,999,781</u>	<u>5,003,697</u>

Taispeántar sócmhainní seasta infheistíochtaí ar luach a mhargadh ag 31 Nollaig 2018.

11. INFHEISTÍOCHTAÍ NEAMHMHARGAIDH AN GHRÚPA AGUS NA CUIDEACHTA

	2018	2017
	€	€
Luach ag tús na bliana	144,971	95,468
Gnóthachán i rith na bliana	23,769	49,503
Díol scaireanna i rith na bliana	(168,740)	-
Meastachán ar luach réadaithe infheistíochtaí neamhmhargaidh	<u>-</u>	<u>144,971</u>

Taispeántar sócmhainní seasta infheistíochtaí neamhmhargaidh sna cuntais bunaithe ar mheastachán na stiúrthóirí ar luach réadaithe na n-infheistíochtaí sa mhargadh reatha.

12. SÓCMHAINNÍ DO-LÁIMHSITHE

	2018	2017
	€	€
Luach ag 1 Eanáir	7,083	12,083
Dímheas i rith na bliana	(5,000)	(5,000)
Luach ag 31 Nollaig	<u>2,083</u>	<u>7,083</u>

Fuair an chuideachta na cearta eisiacha, ar mhíreanna áirithe a dháileadh le haghaidh díolacháin sa bhliain 2014. Tá an costas a bhain leis na cearta a fuair siad caipitlithe sa chlár comhardaithe agus tá sé á amúchadh thar thréimhse cúig bliana, saol-ré inúsáide na gcearta a fuarthas.

13. STOC

	2018	2017
	€	€
Earraí críochnaithe agus soláthar oibriúcháin	<u>86,070</u>	<u>88,722</u>

Ní raibh difríocht bhunúsach idir costas athsholáthair agus na figiúirí thuas.

GAEL-LINN**(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta, gan scairchaipiteal)****NÓTAÍ AR NA CUNTAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2018****14. FIACHÓIRÍ AGUS RÉAMHÍOCAÍOCHTAÍ**

	2018	2017
	€	€
Fiachóirí	83,459	181,085
Cáin bhreisluacha	1,793	1,109
Réamhíocaíochtaí	25,147	32,790
	<u>110,399</u>	<u>214,984</u>

15. AIRGEAD AGUS COIBHÉIS AIRGID

	2018	2017
	€	€
Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh	613,664	527,943

16. COSTAS PINSIN

Feidhmíonn an cuideachta scéim pinsin ranníocaíochtaí sainithe. Coinnítear sócmhainní na scéime go neamhspleách i gcistí riartha go leithleach. Is í táille phinsin don chuideachta don bhliain ná €76,021 (2017: €75,208).

17. CREIDMHEASÓIRÍ AGUS COSTAIS FHABHRAITHE

	2018	2017
	€	€
Creidmheasóirí	89,942	139,832
Méid iníoctha le Cairde Gael-Linn (Nóta 18)	158,109	156,708
Cáin Párolla	82,565	56,631
Costais fhabhraithe agus táillí réamhíochta	588,132	552,311
	<u>918,748</u>	<u>905,482</u>

18. IDIRBHEARTA PÁIRTITHE GAOLMHARA

Bhí idirbhearta áirithe i rith na bliana idir an cuideachta agus Cairde Gael-Linn Cuideachta Faoi Theorainn Ráthaíochta, cuideachta ghaolmhar. Rinneadh síntiús carthanachta ó chúlchistí i rith na bliana sa mhéid de €33,903 ó Cairde Gael-Linn Cuideachta Faoi Theorainn Ráthaíochta go Gael Linn. Ar dháta an chláir chomhardaithe bhí €158,109 (2017 : €156,708) le híoc. Seachas an síntiús carthanachta luaite thuas, bhí na hidirbhearta seo le linn gnáthchúrsaí trádála.